



An Rialáil
Carthanas

Charities
Regulator

Bainistíocht Riosca do Charthanasais

Séanadh Dlíthiúil

Tá an doiciméad seo á eisiúint ag an Rialálaí Carthanas faoi alt 14(1)(i) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú. Níl an doiciméad seo ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar an dlí. Ní thugtar aon chomhairle dlí ann ach oiread. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil ó fhoinse atá cáilithe go cuí. Molann an Rialálaí Carthanas d'iontaobhaithe carthanais a ndoiciméad rialaithe a léamh agus a gcomhairle dlí neamhspleách féin a fháil nuair is gá. Ní ghlacann an Rialálaí Carthanas le freagracht ná dliteanas ar bith as aon earráidí, mhíchruinneas nó easnaimh sa doiciméad seo.

Bainistíocht Riosca do Charthanas

Tá iontaobhaithe carthanas freagrach as a chinntiú go gcuirtear córas bainistíochta riosca i bhfeidhm chun an carthanas a chosaint ar aon díobháil a d'fhéadfadh teacht chun cinn trí laghdú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtiocfadh gach riosca chun cinn agus trí íoslaghdú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag gach riosca, nuair is féidir. Trí bhreac-chuntas a thabhairt sa doiciméad seo ar na nithe seo a leanas, ba cheart go gcabhrófaí le hiontaobhaithe carthanas **sainithint, meastóireacht** agus **bainistiú** a dhéanamh ar gach ceann de na rioscaí atá ann laistigh den charthanas:

- **Cad is riosca ann?**

- **Catagóirí éagsúla riosca**

- **Bainistíocht riosca:**

- Forbhreathnú ar **chóras bainistíochta riosca**
- **Conas is féidir sainithint, meastóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar riosca**
- **Na tairbhí a bhaineann le riosca a bhainistiú**

Cad is riosca ann?

Is é is riosca ann ná eachtra éiginnte a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo agus cosc nó moill a chur ar charthanas na cuspóirí atá aige a ghnóthú agus a bhaint amach.

Is iad seo a leanas samplaí de rioscaí den sórt sin: an teip ar bhord iontaobhaithe carthanas oibleagáidí rialachais a chomhlíonadh; gan fáil a bheith ar bhaill foirne; damáiste d'fhoirgnimh nó do spásanna oibre; gan a bheith ar chumas an charthanas ioncam dóthanach a chruinniú; agus an teip cloí le hoibleagáidí sláinte agus sábháilteachta nó le hoibleagáidí dlíthiúla eile.

Maidir leis an dóchúlacht go dtiocfadh riosca chun cinn, ní féidir ach í a mheas. Chun riosca a mheas go cuí, ba cheart don bhord iontaobhaithe carthanas gach riosca a shainithint agus a thuiscint agus meastóireacht a dhéanamh orthu. Is féidir gur ag na heagraíochtaí is casta cheana féin a bheidh duine a bhfuil taithí aige/aici ar bhainistíocht riosca nó féadfaidh siad duine aonair nó gnólacht cáilithe ag a bhfuil taithí den sórt sin a fhostú chun na críche sin.

Catagóirí riosca

Chun cabhrú le rioscaí a shainaithint, ba cheart iad a bhreithniú faoi na catagóirí seo a leanas, a bhféadfadh go mbeadh eilimintí inmheánacha agus eilimintí seachtracha araon ag baint leo:

1. Rioscaí rialachais

D'fhéadfadh go n-áireofaí na nithe seo a leanas le rioscaí rialachais: gan eolas a bheith ag iontaobhaithe carthanais ar na freagrachtaí atá orthu nó an teip ar iontaobhaithe carthanais na freagrachtaí sin a chomhlíonadh; iomlaoid ard comhaltaí ar an mbord; coinbhleacht ar an mbord; gan coinbhleachtaí leasa a bhainistiú go cuí; gan beartais ábhartha a bheith i bhfeidhm; an teip beartais chomhaontaithe a chur chun feidhme go cuí; agus gan beartais a athbhreithniú.

D'fhéadfadh go dtiocfadh mór-riosca rialachais chun cinn freisin i gcás nach ndéanfaidh na hiontaobhaithe carthanais breithniú cuí ar fhoirm dhlíthiúil agus doiciméad rialaithe an charthanais agus nach gcinnfidh siad cé acu atá nó nach bhfuil siad oiriúnach don fheidhm.

2. Rioscaí straitéiseacha

Áirítear le rioscaí straitéiseacha aon rioscaí a d'fhéadfadh moill nó cosc a chur ar charthanais na cuspóirí atá aige a bhaint amach. I measc samplaí díobh sin, tá an teip costais a rialú nó an teip tuiscint a ghnóthú ar na hacmhainní a theastaíonn do thionscadal nó seirbhís ar leith a bhfuil an carthanais ag iarraidh é nó í a thairiscint.

3. Rioscaí comhlíonta (dhlíthiúil nó rialála)

D'fhéadfadh go n-áireofaí le rioscaí comhlíonta an teip ceanglais dhlíthiúla nó rialála a chomhlíonadh, mar shampla: reachtaíocht a bhaineann le rialáil carthanais, sláinte agus sábháilteacht, cosaint leanaí agus cosaint sonraí; dlí na fostaíochta; agus dlí na gcuideachtaí. D'fhéadfadh go dtiocfadh teipeanna den sórt sin chun cinn toisc nach bhfuil go leor acmhainní ann laistigh den charthanais chun na ceanglais a chomhlíonadh nó toisc go bhfuil easpa eolais ann laistigh den charthanais ar na ceanglais dhlíthiúla nó rialála atá air.

Riosca comhlíonta eile is ea an teip ar an gcarthanais leibhéal cuí árachais a bheith i bhfeidhm aige.

4. Rioscaí oibríochtúla

Áirítear na nithe seo a leanas le rioscaí oibríochtúla: gan aon oibríthe deonacha nó aon fhostaithe a bheith ar fáil don dualgas agus gan oibríthe deonacha nó fhostaithe a bheith oilte ach amháin chun post ar leith a dhéanamh, rud a fhágann nach féidir leo oibrí deonach nó fostaí eile a chumhdach i gcás neamhláithreachta. Riosca oibríochtúil eile is ea easpa pleanála a dhéanamh i gcás go ndéanfar damáiste d'áitreabh an charthanas agus nach féidir é a úsáid ar feadh tréimhse.

5. Rioscaí airgeadais

Áirítear na nithe seo a leanas le rioscaí airgeadais: an teip ceanglais bhainistíochta agus tuairiscithe airgeadais a chomhlíonadh; an teip cúlchistí airgeadais stuama a chothabháil; an teip pleanáil a dhéanamh do riachtanais amach anseo; agus an teip inmharthanacht airgeadais an charthanas a mheasúnú agus a thuiscint go cuí. Rioscaí eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don charthanas is ea na tosaíochtaí atá ag maoinitheoirí a mhíthuiscint, iarratais ar chistiú a chomhlánú ar bhealach míshásúil agus spriocdhátaí le haghaidh iarratais ar chistiú a chailleadh.

6. Rioscaí timpeallachta

Áirítear le rioscaí timpeallachta nó seachtracha aon rioscaí a thagann as athrú sa timpeallacht fhoriomlán ina n-oibríonn an carthanas, amhail athrú ar bheartas Rialtais a dhéanann difear don charthanas. Mar shampla, d'fhéadfadh go ndéanfaí difear do charthanas a bhíonn ag brath ar scéimeanna fostaíochta faoi thacaíocht dá gcinnfeadh an Rialtas scéimeanna den sórt sin a laghdú nó deireadh a chur leo. Sampla eile de riosca timpeallachta is ea poiblíocht dhiúltach a bheith á tarraingt ag eagraíocht eile uirthi féin, ar dá barr a chailleann an carthanas tacaíocht.

7. Rioscaí do cháil an charthanais

Tríd is tríd, bíonn carthanais ag brath go mór ar an gcáil atá orthu. Ba cheart don charthanas breithniú a dhéanamh ar thionchar iarbhir agus braite na gcinntí a dhéanann sé, á chinntiú go ndéantar gach cinneadh ar aon dul le leas agus cuspóir carthanúil an charthanais. Mar shampla, d'fhéadfadh carthanas a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí an cháil atá air a chur i mbaol trí shíntiús a ghlacadh ó chuideachta deochanna meisciúla.

Is féidir le haon teip **sainithint**, **meastóireacht** agus **bainistiú** a dhéanamh ar gach ceann de na rioscaí atá ann laistigh den charthanas impleachtaí suntasacha a bheith aici do na hiontaobhaithe carthanais agus d'fhéadfadh go ndéanfadh sí dochar do cháil an charthanais. Mar shampla, d'fhéadfadh míleithreasú cistí teacht as drochmhaoirseacht a dhéanamh ar airgeadas an charthanais. Mar aon le himpleachtaí tromchúiseacha a bheith aige do na hiontaobhaithe carthanais, is dóigh go bhfágfadh sé sin go gcaillfeadh na leas-sealbhóirí uile (maoinitheoirí agus deontóirí san áireamh) iontaoibh agus muinín as an gcarthanas lena mbaineann agus as an earnáil carthanais ina hiomláine.

Bainistíocht riosca

Mar atá luaithe i dtús an doiciméid seo, tá iontaobhaithe carthanais freagrach as a chinntiú go gcuirtear córas bainistíochta riosca i bhfeidhm chun an carthanas a chosaint ar aon díobháil a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Nuair a bhíonn córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag carthanas, is dóigh go laghdófar an dóchúlacht go dtiocfadh gach riosca chun cinn agus go n-íoslaghdófar an tionchar a bheadh ag gach riosca, nuair is féidir.

Córas bainistíochta riosca

Ní gá go mbeadh ualach trom ar leith ag baint le córas bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm. I gcás carthanais an-bheag, is féidir an córas bainistíochta riosca a sheoladh mar dhíospóireachtaí ag cruinnithe rialta de chuid na n-iontaobhaithe carthanais, áit a ndéantar sainithint, meastóireacht agus faireachán ar na rioscaí atá ann. I gcás carthanais eile, cabhróidh beartas riosca agus clár rioscaí le hiontaobhaithe carthanais faireachán a dhéanamh ar riosca agus tuairisc a thabhairt air.

Áirítear na nithe seo a leanas leis na heilimintí de chóras bainistíochta riosca:

Clár Rioscaí – Doiciméad (a moltar go mbeadh sé ina fhormáid tábla) a úsáidtear chun sonraí a thaifeadh faoi gach riosca. Ba cheart na nithe seo a leanas a chur ar áireamh ann: an chatagóir riosca; cur síos soiléir ar gach riosca; an dóchúlacht go dtiocfadh an riosca chun cinn; an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an riosca; bearta maolaithe;

agus an duine/na daoine atá freagrach as gach riosca a bhainistiú. Féach Doiciméid Ábhartha Eile chun nasc a fháil chuig ár gclár rioscaí teimpléadach.

Beartas Bainistíochta Riosca – Doiciméad ina leagtar amach nósanna imeachta le haghaidh riosca a bhainistiú agus tuairisc a thabhairt air.

Faireachán a Dhéanamh agus Tuairisc a Thabhairt – Ba cheart faireachán rialta a dhéanamh ar rioscaí ar bhealach struchtúrtha.

Tá an dóigh ar féidir an córas bainistíochta riosca sin a úsáid leagtha amach sa chéad rannán eile.

Conas is féidir sainaitheint, meastóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar riosca

Ionas gur féidir leo rioscaí a shainaithint, ba cheart d'iontaobhaithe carthanasais tuiscint a bheith acu ar an gcarthanas agus ar na ról shonracha atá ann laistigh den charthanas. Ba cheart d'iontaobhaithe carthanasais tuiscint a bheith acu ar an timpeallacht sheachtrach ina n-oibríonn an carthanas freisin.

Ba cheart d'iontaobhaithe carthanasais bualadh le chéile chun na nithe sin a phlé agus chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Teacht ar chomhaontú ar an dóigh ar cheart riosca a bhainistiú – is féidir é sin a dhéanamh trí dhíospóireachtaí ag cruinnithe boird. I gcás na gcarthanas is casta, is féidir é sin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as doiciméad ina leagtar amach nósanna imeachta le haghaidh riosca a bhainistiú agus tuairisc a thabhairt air, i.e. beartas riosca.
- Na rioscaí a shainaithint – anailís inmheánach agus sheachtrach a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don charthanas, agus úsáid á baint as na catagóirí riosca atá leagtha amach sa doiciméad seo mar threoir.
- Clár rioscaí a ghlacadh, más gá, ag brath ar chastacht nó líon na rioscaí a sainaitheint. Féach Doiciméid Ábhartha Eile chun nasc a fháil chuig ár gclár rioscaí teimpléadach.
- Meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí agus iad a rátáil – cén dóchúlacht go dtiocfadh an riosca chun cinn agus cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an gcarthanas?
- Na rioscaí a chur in ord tosaíochta – bunaithe ar an meastóireacht a rinneadh ar gach riosca, ba cheart tosaíocht a thabhairt do na rioscaí sin a bhfuil an seans is mó ann go dtiocfadh siad chun cinn agus a bhfuil an seans is mó ann go mbeadh tionchar suntasach acu ar an gcarthanas agus go mbeadh iarmhairt thromchúiseach/iarmhairtí tromchúiseacha acu don charthanas.
- Na rioscaí a mhaolú – nuair is féidir, ba cheart d'iontaobhaithe carthanasais sainaitheint a dhéanamh ar an ngníomh is féidir a dhéanamh chun gach riosca a mhaolú, mar shampla: Leibhéil chúí árachais a shocrú.

- Measúnú a dhéanamh i gcás gur tháinig athrú ar an rátáil riosca mar thoradh ar na gníomhartha maolaithe a rinneadh agus an clár rioscaí a nuashonrú de réir mar is cuí.
- Faireachán a dhéanamh ar na rioscaí agus tuairisc a thabhairt ar an dóigh a mbainistítear iad – ba cheart faireachán rialta a dhéanamh ar rioscaí agus ba cheart iad a bheith ina mbuanmhír ar an gclár oibre ag cruinnithe boird. I gcás carthanais beag, is féidir leis na hiontaobhaithe faireachán a dhéanamh ar na rioscaí agus tuairisc a thabhairt orthu. I gcás na gcarthanais is casta, is féidir leis an gCoiste Feidhmiúcháin nó le Fochoiste de chuid an bhoird an obair sin a chur i gcrích.

Na tairbhí a bhaineann le riosca a bhainistiú

Nuair a bhainistítear riosca, laghdaítear an dóchúlacht go dtiocfadh an riosca chun cinn nó maolaítear an tionchar a bheidh ann má thagann an riosca chun cinn. Is é an toradh a bhíonn air sin:

- Go laghdaítear an fhéidearthacht go dteipfeadh ar an gcarthanais na cuspóirí atá aige a ghnóthú agus a bhaint amach – mar shampla, an riosca go gcaillfí oibrithe deonacha nó fostaithe tábhachtacha toisc nár tugadh tacaíocht chuí dóibh.
- Go laghdaítear an fhéidearthacht go ndéanfaí damáiste do cháil an charthanais – mar shampla, is féidir damáiste a dhéanamh do cháil an charthanais i gcás go nglacfaidh sé le cistiú ó thríú páirtí agus go mbraithfidh an pobal nár cheart don charthanais aon cheangal a bheith aige leis an bpáirtí sin.
- Go gcuirtear feabhas ar sholáthar seirbhíse – mar shampla, is féidir cur isteach ar sholáthar seirbhíse i gcás nach n-aithneofar an riosca go gcaillfí cistiú agus nach sainaithneofar foinsí malartacha cistiúcháin.
- Go gcuirtear feabhas ar chinnteoireacht – mar shampla, nuair a bhainistítear riosca go cuí, is féidir le hiontaobhaithe carthanais cinntí níos eolasaí a dhéanamh ar nithe a dhéanann difear don charthanais.
- Go dtarraingítear aird ar dheiseanna agus ar thairbhí a d'fhéadfadh a bheith ann – mar shampla, cé gur riosca é aon seirbhís nua a sheoladh, is riosca é sin a d'fhéadfadh dul chun tairbhe do do thairbhíthe i gcás go ndéanfar an riosca a ríomh agus a bhainistiú go cuí.

Doiciméid ábhartha eile

Ba cheart an doiciméad seo a léamh i gcomhar leis an doiciméad '[Clár Rioscaí Teimpléadach](#)'